# FOIREANN NA SCOILE

## Réamhrá

Is é Críost bunús an oideachais sa scoil Chaitliceach ... is eisean foinse na huaisleachta, brí na beatha, an eiseamláir a chuireann an scoil Chaitliceach os comhair na mac léinn (CS, 34-35). Bímid, mar oidí sna scoileanna Caitliceacha dara leibhéal, ar aistear oiliúna i dtreo an idirphlé idirchultúrtha. Cothaímid an uileghabhálacht agus an ilchineálacht sa seomra ranga agus is measc phobal na scoile. Tugaimid le fios do na tuismitheoirí agus do na daltaí, trí spiorad sainiúil na scoile Caitlicí áitiúla, go bhfuil Críost beo inár measc. Rinneamar ceiliúradh i rith na bliana seo caite ar an scoil a bheith mar chomhluadar na dteaghlach, gur bhain aontas chomh maith le héagsúlacht léi. Caithfear aitheantas i mbliana a thabhairt don chur le chéile a tharlaíonn i measc na hilchineálachta atá mar chomhartha sóirt ag na scoileanna Caitliceacha, agus é a cheiliúradh. Tá sé de phribhléid againn mar oidí sna scoileanna Caitliceacha, go mbíonn Ríocht Dé á thógáil againn tríd an dúshlán a chuirimid roimh chreideamh agus réasún, agus tríd an tsamhlaíocht shacraimintiúil a chothú.

Is ríthábhachtach an rud é go mbeadh gaolta maithe á chothú againne mar oideoirí Caitliceacha ar scoil. Is cuid shuntasach den oideachas iad. Tá an comhchaidreamh agus an muintearas ag croílár an oideachais.

Má bhíonn an cur chuige ceart ionainn is féidir linn láithreacht Íosa a thabhairt isteach sa ghaol muinteartha, agus an láithreacht sin a aithint sa duine eile. Má aithnítear an éagsúlacht agus an dínit a bhaineann leis an uile dhuine ar scoil, agus na rudaí sin a cheiliúradh, is féidir linn mar oidí sna scoileanna Caitliceacha dara leibhéal cur le tógáil an phobail áitiúil agus le tógáil sochaí na hÉireann.

## Machnamh

Ó thaobh ábhar oideolaíochta agus idirchultúrtha de, is é an bronntanas is mó a thugann an t-oideachas Caitliceach leis chun na scoile, ná fianaise a thabhairt. Baineann mogalra gaolta leis an idirghníomhaíocht phearsanta a tharlaíonn ar scoil. Bíonn osmóis fhuinniúil i gceist, bíonn gníomhaíocht bhríomhar i measc na ndaoine fásta, i measc na mac léinn, agus i measc an dá dhream ag comhoibriú lena chéile, atá beag de bheann ar chlaontacht in aghaidh chine, chultúir, ghnéas, stádas sóisialta nó creideamh. (Educating to Intercultural Dialogue in Catholic Schools: Living in Harmony for a Civilization of Love, 48-50).



‘Bíodh briathar Chríost ina chónaí faoi rath in bhur measc. Déanaigí a chéile a chomhairliú agus a theagasc le barr eagna. Canaigí sailm agus iomainn agus laoithe spioradálta in ómós do Dhia agus buíochas in bhur gcroí.’ (Col 3:16).

- Baineann an sliocht thuas le tabhartas an oideachais Chaitlicigh. Scríobh iontráil i ndialann le haghaidh lá áirithe sa tseachtain. Déan cur síos ar an obair a rinne tú agus tú ag bogadh timpeall na scoile. Ar tharla gur imigh do chuid oibre nó an t-idirphlé a bhain le daoine eile, i leataobh ó fhís an oideachais Chaitlicigh? Cén tionchar a bhí aige sin ar thimpeallacht an ranga nó ar na daltaí iad féin? Bí ag machnamh ar fhís an oideachais Chaitlicigh, agus ar an mianach ceart atá ann tionchar deimhneach a bheith aige ar ár saol go hinmheánach agus go seachtrach. An bhféadfá léiriú níos fearr a thabhairt ar fhís an oideachais Chaitlicigh i do chuid oibre ar scoil?
- Breathnaigh Continuing the Ministry of Christ: https://youtu.be/dE8_ FezjbQ0 (5nóim 27). Bíodh díospóireacht ann faoin ábhar a phléitear san fhíseán. Déan dhá bhealach a aithint ina bhféadfadh an fhoireann eiseamláir Chríost a chur ar aghaidh ar bhealach feabhsaithe ar scoil.

URNAÍ

## URNAÍ DO NA HOIDÍ CAITLICEACHA

A Athair ar Neamh, gheall tusa go mbeadh oidí na naofachta ag lonrú ar nós na réaltaí go síoraí. Déan ár gcroí agus ár meon a líonadh le heolas agus le scileanna an teagascóra. Bronn an fhoighne, an tuiscint, an chóir agus an chiall, an umhlaíocht agus urraim os comhair Dé orainn. Bronn an eagna agus an charthanacht orainn, agus fíorghrá do Dhia a bheith ionainn ionas gur féidir linn sásamh a bhaint as na bronntanais seo, agus iad a thabhairt ar aghaidh chuig na daltaí faoinár gcúram. Deonaigh go léireoidh siad umhlaíocht roimh do dhlíthe, agus go dtabharfaidh siad cluas do d’inspioráidí. Bídís mar ghníomhairí na síochána sa bhaile, sa tír seo, agus ar fud na cruinne mar is dual do chlann dhiamhair Dé. Cuir grásta agus bronntanais an Spioraid Naoimh chuig an uile dhuine againn a mhúineann nó a fhoghlaimíonn i scoil Chaitliceach, trí Chríost ár dTiarna.
**Amen.**

(Curtha in oiriúint ón suíomh thíos) **www.catholicity.com/prayer/prayer-for-teachers.html**

